# Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Ainm na Seirbhíse:

Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo
Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 H529

Eagraíocht mhór í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a fhostaíonn breis agus 100,000 duine, agus a bhfuil sé de chúram uirthi na seirbhísí sláinte poiblí ar fad in Éirinn a reáchtáil. Tá FSS tiomanta do chinntiú go gcoinnítear na leanaí agus na daoine óga a bhaineann leas as ár seirbhísí slán ó dhíobháil.

**Cur síos ar an tseirbhís agus na gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil:**
Is leibhéal 3 de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte é Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo. Soláthraíonn sé raon seirbhísí do leanaí agus do dhaoine fásta trí Rannóga mar an Roinn Éigeandála , Seirbhísí Othair Sheachtracha , Seirbhísí Máithreachais agus Seirbhísí Míochaine & Máinliachta eile .

## Prionsabail FSS chun leanaí a chosaint ar dhíobháil:

Tá sábháilteacht, leas agus forbairt leanaí agus daoine óga mar bhunsprioc agus príomhaidhm ag FSS. Cuireann an reachtaíocht agus Treoir um Thús Áite do Leanaí bonn eolais faoi na prionsabail a leanas, agus tacaíonn na prionsabail sin lenár rún leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil:

- Caithfear tús áite a thabhairt do leas an linbh i gcónaí.
- Tá gach duine freagrach as sábháilteacht agus leas leanaí.
- Tá sé de cheart ag leanaí go gcloisfí iad, go n-éistfí leo agus go dtabharfaí aird orthu go stuama. Agus aird ar a n-aois agus a dtuiscint, ba cheart dul i gcomhairle leo agus go mbeidís páirteach i ngach ceist agus cinneadh a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a saol.
- Caithfear caitheamh go comhionann le gach leanbh agus tá sé de cheart acu cosaint a fháil ar idirdhealú, éadulaingt, ciapadh agus bulaíocht.
- Is gníomhaíocht ilghníomhaireachta, ildisciplíneach é an cumhdach leanaí. Ní mór do ghníomhaireachtaí agus do ghairmithe oibriú as lámha a chéile ar mhaithe le leas na leanaí.

## Measúnú Riosca

Cuireann measúnú ar aon 'díobháil' fhéideartha do leanbh agus iad ag baint leas as an tseirbhís seo bonn eolais faoin Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo ('díobháil' mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015). Tá liosta cónasctha anseo thíos de na príomhrioscaí a sainaithníodh agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú.
**Tá measúnú riosca tánaisteach níos cuimsithí ar an tseirbhís ar fáil ach é a iarraidh.**

| Catagóir Riosca | Na príomh-nósanna imeachta agus na príomhbhearta rialaithe atá i bhfeidhm chun an riosca a aithníodh a láimhseáil |
|---|---|
| 1. An riosca díobhála do leanbh ó bhall foirne, oibrí deonach nó mac léinn, rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí ar líne ina measc | Beartas FSS um chosaint agus leas leanaí<br>Nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin FSS<br>Beartas *Trust in Care* FSS<br>Tacú le cultúr sábháilteachta, cáilíochta agus cineáltais: cód iompair do sholáthraithe seirbhíse sláinte agus sóisialta<br>Nósanna imeachta don nochtadh cosanta le haghaidh fáil agus bainistiú nochtaí cosanta in FSS<br>Beartas náisiúnta toilithe FSS<br>Nós imeachta araíonachta d'fhostaithe FSS<br>Beartais agus caighdeáin náisiúnta teicneolaíochta faisnéise FSS<br>Nós imeachta caighdeánach oibríochta FSS le haghaidh bainistiú cleachtais chliniciúil cúraim ar an nguthán nó ar fhíseán |
| 2. An riosca díobhála do leanbh ó úsáideoir seirbhíse (duine fásta nó leanbh), cuairteoir nó ball den phobal, rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí ar líne ina measc | Beartais maoirseachta / tionlacain / iontrála de réir mar is ábhartha do sheirbhís áitiúil<br>Beartais rochtana poiblí de réir mar is ábhartha do sheirbhísí áitiúla<br>Beartais agus caighdeáin náisiúnta teicneolaíochta faisnéise FSS |
| 3. An riosca díobhála do leanbh de bharr údar imní faoi chosaint nó leas linbh de bharr nár aithin nó nár thuairiscigh ball foirne é | Tá modúl ríomhfhoghlama '*An Introduction to Children First*' ina chuid den bheartas oiliúna reachtúla agus éigeantaí le haghaidh fhostaithe FSS<br>Beartas FSS um chosaint agus leas leanaí agus nós imeachta tuairiscithe<br>Tús Áite do Leanaí ina chuid d'ionduchtú fostaithe FSS<br>Straitéis oiliúna agus acmhainní Oifig Náisiúnta Tús Áite do Leanaí FSS<br>Nós imeachta araíonachta d'fhostaithe FSS<br>Nósanna imeachta don nochtadh cosanta le haghaidh fáil agus bainistiú nochtaí cosanta in FSS |
| 4. An riosca díobhála do leanbh de bharr údar imní faoi chosaint nó leas linbh de bharr nár aithin nó nár thuairiscigh leanbh é | Eolas atá oiriúnach do leanaí faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí FSS, mí-úsáid a aithint agus a thuairisciú agus<br>Beartas leasa agus cosanta leanaí FSS<br>Bileog agus foirm '*Seirbhís Uainn Tuairim Uait*' do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois |
| 5. An riosca díobhála do leanbh toisc nár cuireadh an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus/nó treoir nó beartais lena mbaineann i bhfeidhm | An nós imeachta chun Duine Iomchuí a cheapadh<br>An nós imeachta chun liosta de Dhaoine Sainordaithe a chothabháil<br>Tá bearta monatóireachta comhlíontachta agus rialachais um Thús Áite do Leanaí i bhfeidhm ag FSS<br>Bunaíodh Oifig Náisiúnta, Tús Áite do Leanaí, FSS chun tacú leis an gcur i bhfeidhm |
| 6. An riosca díobhála do leanbh mar gheall gur theip ar sheirbhís rochtain shábháilte ar TFC a chinntiú (na meáin shóisialta, rochtain ghréasáin agus teagmháil leictreonach ina measc) | Beartais agus caighdeáin náisiúnta teicneolaíochta faisnéise FSS chun sábháilteacht ar líne a chinntiú<br>Caighdeán Scagaire Ábhair Idirlín |

**Nósanna Imeachta - (Tá Beartais Náisiúnta, Nósanna Imeachta, Prótacail agus Treoir uile FSS ar fáil ar www.hse.ie).**
Ullmhaíodh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017), treoir FSS maidir le ráiteas um chosaint leanaí a fhorbairt agus treoir arna eisiúint ag Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Chomh maith leis na beartais agus na nósanna imeachta thuasluaite, tacaíonn na beartais agus na nósanna imeachta a leanas ó FSS lenár rún leanaí a chumhdach:

- Beartas agus nósanna imeachta FSS um bainistiú riosca fiontraíochta 2023
- Creat bainistíochta teagmhas FSS 2020

**Ba cheart gach ceist faoin ráiteas seo, agus aon mheasúnú riosca lena mbaineann, a sheoladh chuig an Duine Iomchuí.**

**An Duine Iomchuí a ceapadh chun críche an Ráitis um Chumhdach Leanaí seo:**

**Ainm**: Caitríona Breathnach

**Sonraí Teagmhála**: An Rannóg Oibri Soisialta Leighis, Tel: 094 90 42100 socialwork.muh@hse.ie

**Cur i bhFeidhm**
Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur i bhfeidhm. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo gach 24 mí nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha ar aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas.

**Dáta Athbhreithnithe:** 01/08/2026

**Dáta Sínithe:** MAYO UNIVERSITY HOSPITAL 17 SEP 2024

**Seoladh na Seirbhíse:** Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 H529

**Ainm an Bhainisteora Seirbhíse:** Catherine Donohoe

**Síniú an Bhainisteora Seirbhíse:** Catherine Donohoe, Hospital Manager catherine.donohoe@hse.ie

**Teideal an Bhainisteora Seirbhíse:** Bainisteoir An Ospidéal